Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/5775

7.10.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 29 Iúil 2024 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – HJ, IK, LM v Twenty First Capital SAS**

**(Cás C-174/23 ([1]), Twenty First Capital)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Dlíthe a chomhfhogasú – Treoir 2011/61/AE – Bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (CIM) – Coinníollacha feidhmithe – Airteagal 13 – Beartais agus cleachtais luacha saothair na mbainisteoirí sin – Raon feidhme ratione temporis – Airteagal 61 – Forálacha idirthréimhseacha)***

(C/2024/5775)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Cour de cassation

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóirí:* HJ, IK, LM

*Cosantóir:* Twenty First Capital SAS

### An chuid oibríochtúil

1) Maidir le hAirteagal 61(1) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— ceanglaíodh ar na Ballstáit a éileamh ar bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (CIManna) a bhí i mbun gníomhaíochtaí faoin Treoir sin roimh an 22 Iúil 2013 na hoibleagáidí a bhaineann le beartais agus cleachtais luacha saothair faoi Airteagal 13(1) den Treoir sin a chomhlíonadh go hiomlán ó dháta a n-údaraithe, ar choinníoll go raibh iarratas ar údarú curtha isteach acu laistigh de bhliain amháin ón 22 Iúil 2013.

2) Maidir le hAirteagal 61(1) de Threoir 2011/61,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

— ciallaíonn an abairt ‘déanfaidh siad na bearta uile is gá chun an reachtaíocht náisiúnta a thagann as an Treoir seo a chomhlíonadh’ go staonfaidh bainisteoirí CIManna a bheidh i mbun gníomhaíochtaí roimh an 22 Iúil 2013 ó bhearta a dhéanamh ar dóigh dóibh gnóthú chuspóir na Treorach sin a chur i mbaol go mór.

---

([1]) IO C 223, 26.6.2023.